Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15245/25**

**SOC 766**
**EMPL 503**
**SIMPL 174**
**ANTIDISCRIM 105**
**GENDER 196**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú a bhaint amach sna réimsí fostaíochta agus sóisialta<br>*- Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 1 Nollaig 2025.

**Nóta Stiúrtha**

**Cruinniú den Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

**An Bhruiséil, an 1 Nollaig 2025**

*Simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú a bhaint amach sna réimsí fostaíochta agus sóisialta*

Ó foilsíodh thuarascálacha Mario Draghi agus Enrico Letta in 2024, is mó a aithnítear gur gá iomaíochas na hEorpa a neartú, lena n-áirítear trí ualaí riaracháin agus castachtaí rialála a laghdú chun cabhrú leis an Aontas leanúint de bheith iomaíoch san ord domhanda atá ag éirí níos casta agus níos conspóidí.

I nDearbhú Bhúdaipeist an 8 Samhain 2024, d'iarr na Cinn Stáit agus Rialtais go mbeadh *'réabhlóid simpliúcháin a sheoladh lena n-áiritheofar creat rialála soiléir, simplí agus cliste do ghnólachtaí agus lena ndéanfar laghdú suntasach ar ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe, go háirithe do FBManna'*. Dearbhaítear leis an gCompás Iomaíochais[1] gurb iad muintir na hEorpa bunchloch iomaíochas na hEorpa agus leagtar béim ann nach mór athnuachan ar neart iomaíoch na hEorpa a bheith ina phríomhthosaíocht sa bhliain amach romhainn.

Cuireann níos mó ná leath de FBManna san Eoraip ina luí gurb iad na bacainní rialála agus an t-ualach riaracháin an dúshlán is mó atá le sárú acu. Tá sprioc leagtha síos ag an gCoimisiún dó féin ualaí riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad do gach cuideachta agus 35 % do FBManna[2].

Chun an sprioc sin a bhaint amach trí reachtaíocht a shimpliú agus ualaí riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, ó mhí na Samhna 2025 ar aghaidh, thíolaic an Coimisiún sé phacáiste omnibus agus d'fhógair sé sé phacáiste eile. An 23 Deireadh Fómhair, d'athdhearbhaigh ceannairí an Aontais go bhfuil géarghá leis an gclár oibre sin agus d'iarr siad ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí dlús a chur lena gcuid oibre, mar ábhar céadthosaíochta, ar na comhaid ar fad a bhfuil gné an tsimplithe nó an iomaíochais ag baint leo[3].

---

[1] Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach (2025).
[2] Eoraip níos simplí níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, lgh. 6-7 (6198/25).
[3] Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 23 Deireadh Fómhair 2025

Tá sé tábhachtach do ghnólachtaí agus d'oibrithe an Aontais go gcuirfí na cláir oibre maidir le simpliú, rialáil níos fearr, cur chun feidhme agus forfheidhmiú i gcrích. Go deimhin, mar a chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, in iúl ina príomhóráid ag an gComhdháil dar teideal 'Tuarascáil Draghi – Bliain tar éis na tuarascála': *'Nuair a labhraímid faoin iomaíochas, labhraímid faoi phoist. Baineann sé le tuarastail mhaithe d'fhostaithe agus le brabúis mhóra do chuideachtaí. Is gnáthchuid de shaol na hEorpa é seo'*.

Chun an clár oibre simpliúcháin sin a bhaint amach, ní mór don Choimisiún measúnú níos cúramaí fós a dhéanamh ar *cé acu ba cheart nó nár cheart* don Aontas rialáil a dhéanamh air, agus ní mór do na comhreachtóirí agus don Choimisiún measúnú a dhéanamh *ar an gcaoi* ar cheart don Aontas an rialáil sin a dhéanamh. Nuair a dhéantar rialáil a mholadh, a chaibidil agus a ghlacadh, ní mór a áirithiú ag gach céim go mbeidh na tairbhí a mheastar a bheidh ann ina n-údar cuí leis na costais bhreise riaracháin. Ina theannta sin, ní mór an *acquis* atá ann cheana a mheas go leanúnach, mar chuid den phróiseas simpliúcháin, chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ábhartha agus oiriúnach don fheidhm.

Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh forfheidhmiú a rialáil, a shimpliú agus a fheabhsú d'fhonn ardchaighdeáin a chosaint agus a áirithiú go mbeidh ag gach oibrí poist ardcháilíochta agus dálaí oibre cuibhiúla a chuireann le fás, leas agus rathúnas san Aontas agus d'fhonn ár gcaighdeáin shóisialta agus idirphlé sóisialta láidir a chaomhnú.

Agus na gnéithe sin á gcur san áireamh, d'fhoilsigh Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta Sóisialta agus Scileanna, um Poist Ardcháilíochta agus um Ullmhacht a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú le haghaidh 2025[4], a chuirfidh sí faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag 2025. Leagtar béim ar leith inti ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú, chomh maith le tástáil chuimsitheach struis a dhéanamh ar *acquis* sóisialta an Aontais faoi dheireadh an tsainordaithe.

---

[4] '*2025 Annual Progress Report on Simplification, Implementation and Enforcement*' [Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú] ón Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Roxana Mînzatu - an Coimisiún Eorpach

**Ceisteanna le plé**

*Iarrtar ar na toscaireachtaí a dtuairimí a chur in iúl maidir le ceann amháin nó níos mó de na ceisteanna seo a leanas. Tabharfar 3 nóiméad ar a mhéid d'am labhartha do gach toscaireacht:*

1. *Dar leatsa, cad iad na bearta ba cheart don Choimisiún Eorpach a dhéanamh, vis-à-vis tograí nua agus rialachán atá ann cheana, chun a aidhm a bhaint amach ualaí riaracháin a laghdú 25 % faoi 2030 agus chun a áirithiú go leanfaidh an acquis sóisialta de bheith ábhartha, comhréireach agus oiriúnach don fheidhm?*
2. *Mar chomhreachtóir, cad is féidir leis na Ballstáit a dhéanamh i gComhairle EPSCO chun a áirithiú go mbeidh rialacha nua agus ionstraimí eile de chuid an Aontais iomchuí agus comhréireach lena gcuspóirí agus go mbeidh feidhm chuí leo maidir leis na réimsí is tábhachtaí do na saoránaigh?*
3. *Cad iad na bearta náisiúnta nó na bearta de chuid an Aontais maidir le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar féidir leo rannchuidiú lena gcuspóirí a bhaint amach, agus ar deireadh, go mbeidh Aontas níos iomaíche againn?*